



An Garda Síochána Plean Póilíneachta 2022





Clár na nÁbhar

Réamhrá

Clár na nÁbhar	2
Réamhrá	3
Forbhreathnú Straitéiseach 2022-2024	5

Colúin

Pobal	7
Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach	8
Íospartaigh & Daoine Leochaileacha	9
Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint	10
Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht	11

Cumasóirí

Daoine & Cuspóir	13
Comhpháirtíochtaí	14
Rannpháirtíocht	15
Cumhachtú & Iontaoibh	16
Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise	17



Réamhrá

Tá an Plean Póilíneachta 2022 mar an chéad chuid de thrí phlean bliantúla a thabharfaidh éifeacht do Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána 2022-24. Cé go n-aithnímid gur fhág an phaindéim Covid-19 2021 faoi smál, táimid fós dírithe ar ár gcuspóirí eagraíochtúla agus ár sprioc daoine a choinneáil slán. Is léiriú ar ár gcaidreamh láidir leis an bpobal é an tiomantas agus an dúthracht a thug gach duine ar fud na heagraíochta in 2021 .

Tá béim an Phlean Póilíneachta 2022 ar phóilíneacht phobail agus ar chosc agus ar bhrath na coireachta. Leanfaimid orainn ag dul i dteagmháil go réamhghníomhach le pobail leochaileacha agus mionlaigh chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas. Bainfidh an Garda Síochána é seo amach trí chur i bhfeidhm an Chreata Póilíneachta Pobail, trí rannpháirtíocht i bhfóraim éagsúlachta, suirbhéanna áitiúla ar dhearcadh an phobail agus trí láithreacht mhéadaithe ar na meáin shóisialta. Oibreoimid le pobail áitiúla agus le páirtithe

leasmhara eile chun comhpháirtíochtaí sábháilteachta pobail a fhorbairt tuilleadh, chun cabhrú lenár dtuiscint ar shaincheisteanna áitiúla agus chun an fhreagairt chuí a sholáthar.

Tríd an tSamhail Oibriúcháin, is é an sprioc atá againn ná struchtúir riaracháin níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chruthú, agus líon na nGardaí atá ar fáil le haghaidh dualgas oibriúcháin a uasmhéadú. Leanfaidh an Garda Síochána ag ionchorprú cearta daonna agus feasacht chultúrtha i mbeartas agus in oiliúint ar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá infheistíocht leanúnach chun feabhas a chur ar ár gcumas TFC, airgeadais agus acmhainní daonna ríthábhachtach chun torthaí póilíneachta a sheachadadh ar an talamh agus táimid fós tiomanta dó sin. Cuidíonn dul chun cinn nua i dtacaíochtaí digiteacha, anailísíocht agus bailiú sonraí linn ár misean a fhorbairt. Trína bheith ar thús cadhnaíochta



Réamhrá

maidir le córais nua-aimseartha, teicneolaíocht agus nuálaíochtaí oibríochtúla, cabhraíonn sé linn lena chinntiú go ndéantar an pobal a chosaint agus go bhfreastalaítear air.

Leanfaidh an Garda Síochána ag cur leis na tacaíochtaí atá ar fáil d'íospartaigh leochaileacha na coireachta. Leis an bhforbairt leanúnach ar na hAonaid Seirbhísí Cosanta Roinne sa Phlean Póilíneachta 2022, beidh tuiscint agus sainmhíniú níos doimhne ar fáil ar theagmhais, agus ar na torthaí a bhíonn acu d'íospartaigh. Cabhróidh sé seo leis an nGarda Síochána straitéisí, freagraí agus oiliúint a fhorbairt, agus leanúint ar aghaidh ag tógáil muiníne i dtuairisciú agus i mbrath teagmhais.

Tá an t-iontaobhas a tógadh idir an pobal agus an Garda Síochána i gcroílár na seirbhíse a chuirimid ar fáil. Bhí sé seo mar threoirphrionsabal don Gharda Síochána le linn na paidéime Covid-19. Is doiciméad beo é an Plean

Póilíneachta 2022 a mbeidh solúbthacht agus athléimneacht ag teastáil uaidh mar gheall ar na dúshlán leanúnacha a chuireann an phaindéim Covid-19 romhainn. Leanfaimid orainn ag daingniú ár gCód Eitice, agus ag forbairt Straitéis chomhtháite um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Chuimsiú, agus ag tabhairt faoi Shuirbhé Iniúchta Cultúir nua chun leanúint le fás agus forbairt an Gharda Síochána.

Cé go bhfuil roinnt éiginnteachta fós ann amach anseo, táim lánchinnte go bhfuilimid in ann an sprioc atá againn um dhaoine a choinneáil slán in 2022 a bhaint amach.



JA Harris
Coimisinéir
An Garda Síochána



Forbhreathnú Straitéiseach 2022 - 2024

Colúin



Pobal



Dul i nGleic le Coireacht & Póilíneacht
Choisctheach



Íospartaigh & Daoine Leochaileacha



Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint



Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cumasóirí



Daoine & Cuspóir



Comhpháirtíochtaí



Rannpháirtíocht



Cumhachtú & Iontaoibh



Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise



Colúin



Pobal

Leanúint ar aghaidh leis na **naisc** le pobail a **neartú**, ag **obair i gcomhpháirtíocht** chun daoine a choinneáil slán.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022-24

Feabhas a chur ar bhealaí nua inrochtaineachta agus deiseanna rannpháirtíochta pobail agus iad a aithint trí phrionsabail póilíneachta pobail a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go leanúnach.

Leanúint ar aghaidh ag obair le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, ag tacú le sábháilteacht agus rannpháirtíocht pobail.

Cur chuige sofheicthe, freagrúil a fhorbairt maidir le réiteach fadhbanna le pobail tríd an gCreat Póilíneachta Pobail a rolladh amach.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

1.1

Cur chuige réamhghníomhach freagrúil a fhorbairt maidir le réiteach fadhbanna le pobail tríd an gCreat Póilíneachta Pobail a athbhreithniú agus a rolladh amach ar bhonn leanúnach.

1.2

Rannpháirtíocht le pobail leochaileacha agus mionlaigh a neartú chun tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanas.

1.3

Leanúint ar aghaidh ag tacú le daoine a thuairiscíonn Coireachta Fuatha trí fheasacht a mhéadú laistigh den Gharda Síochána agus sna pobail atá buailte léi.

1.4

Leanúint le dul i ngleic le gáinneáil drugaí agus leis an dochar a dhéanann mangaireacht drugaí i bpobail.

Dul i ngleic le Coireacht & Póilíneacht Choisctheach



Coireacht a **réamh-mheas** go réamhghníomhach agus aghaidh a thabhairt uirthi, lena n-áirítear **treochtaí coireachta** nua agus **atá ag teacht chun cinn**, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá treoraithe ag faisnéis

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022-24

Aghaidh a thabhairt ar threochtaí coireachta reatha agus atá ag teacht chun cinn, ag cur coisc réamhghníomhaigh ar choireacht inár bpobail chun cinn.

Aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar choireacht eagraithe, beag beann ar a bunús digiteach nó fisiceach.

Cur chuige comhtháite agus comhsheasmhach a chur chun feidhme laistigh den Gharda Síochána chun ár gcumas a neartú chun treochtaí coireachta nua agus éiritheacha a aithint agus cur isteach orthu, ag aithint castachtaí éagsúla na coireachta i dtimpeallachtaí príobháideacha, tuaithe agus uirbeacha.

Achmainn agus cumas feabhsaithe chun dul i ngleic leis an gcoireacht ar gach leibhéal trí chomhoibriú idirghníomhaireachta breise, trí chaidrimh a neartú le páirtithe leasmhara inmheánacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus trí dheiseanna comhpháirtíochta nua a fhiosrú.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

2.1 Freagairtí réamhghníomhacha, faoi stiúir faisnéise, ar choireacht a sheachadadh.

2.2 Dul i ngleic le méaduithe le déanaí ar chalois agus ar choireanna cibear-chumasaithe.

2.3 An tionscadal píolótach den Chreat Náisiúnta um Fhaisnéis Choiriúil agus an Measúnú ar Bhagairt den Choireachta Eagraithe Tromchúiseach a chur i gcrích athbhreithniú a dhéanamh orthu agus plan a fhorbairt le haghaidh rolladh amach leanúnach.

2.4 Cur isteach go réamhghníomhach ar Choireacht Eagraithe & Tromchúiseach.

Íospartaigh & Daoine Leochaileacha



Dochar a laghdú trí dhínit agus **Ceartha Daonna Íospartach agus gach duine leochaileach** a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána **a chur chun cinn agus a chosaint**.

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022-24

Daoine atá i mbaol níos airde foréigin nó coireachta a shainaithint, dul i dteagmháil leo agus cuidiú leo, chun muinín i dtuairisciú a mhéadú.

Tacú le comhpháirtíochtaí ildisciplíneacha, ag tuiscint riachtanais na n-íospartach agus na ndaoine leochaileacha chun tacaíochtaí cuí a shainaithint agus a sholáthar go comhoibríoch.

Cur chuige comhsheasmhach a chinntiú maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine leochaileacha a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, ag cosaint a gcearta daonna.

Leanúint le hiompraíochtaí freagracha a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú ar ár mbóithre, ag laghdú an riosca d'úsáideoirí leochaileacha trí ghníomhaíochtaí coiscthe agus idirghabhála spriocdhírthe, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

3.1

Feabhas a chur ar ár gcumas tacú le híospartaigh fhoréigin teaghlaigh, lena n-áirítear rialú comhéigeantach, le bém ar leith ar thógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach faoin Oibríocht Faoiseamh agus rolladh amach na nAonad Seirbhísí Cosanta Roinne.

3.2

Cur chun feidhme chóras tomhais bunaithe ar thorthaí do chionta gnéis a dhaingniú, chomh maith le tuairisciú staitistiúil caighdeánach ar choireacht.

3.3

A chinntiú go gcuirtear tacaíochtaí cuí ar fáil d'íospartaigh agus do dhaoine leochaileacha a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána, ag breithniú moltaí neamhspleácha, aiseolais inmheánaigh agus sheachtraigh.

3.4

Leanúint le hiompraíocht fhreagrach a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú ar ár mbóithre ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta.

Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint



Slándáil an Stáit agus a mhuintire a **chosaint** ar sceimhlitheoireacht agus ar bhagairtí a dhéanann dochar dá leasanna ríthábhachtacha

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022-24

Ár gcumas a neartú maidir le bagairtí reatha agus bagairtí atá ag teacht chun cinn a aithint agus freagairt dóibh, ag aithint ár ról maidir le slándáil Stát na hÉireann a chaomhnú agus a chosaint.

Ár gcaidrimh láidre a chothabháil le comhpháirtithe póilíneachta agus slándála chun rannchuidiú go réamhghníomhach le slándáil Stáit agus idirnáisiúnta.

Cumais chomhtháite faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a roinnt chun bagairtí a shainaithint go héifeachtach agus go héifeachtúil agus freagairt dóibh.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

4.1

Cumas Slándála agus Faisnéise a neartú trí chur chun feidhme leanúnach na Samhla Oibriúcháin Slándála & Faisnéise agus cumas teicniúil nua a rolladh amach.

4.2

Bheith coinnithe ullmhaithe do Mhóréigeandálaí trí rannpháirtíocht leanúnach i struchtúir idirghníomhaireachta um Bainistíocht Móréigeandálaí agus feachtas ar Bhainistíocht Móréigeandálaí a chur chun cinn sa Gharda Síochána.

4.3

Leanúint ar aghaidh le hoibríochtaí faisnéis-bhunaithe a chur i gcrích, ag obair i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta nuair is cuí, chun sceimhlitheoireacht agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint go réamhghníomhach agus cur isteach orthu.

Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht



Cultúr d'**fheabhsú leanúnach** a spreagadh agus a chothú, agus feabhas a chur ar **nuálaíocht** agus freagrúlacht i leith athruithe

Tosaíochtaí Straitéiseacha 2022-24

Feabhas a chur ar acmhainn agus ar chumas athraithe foriomlán ar fud na heagraíochta, ag tacú le cultúr nuálaíochta.

A bheith ar thús cadhnaíochta maidir le dul i ngleic le cineálacha coireachta atá ag teacht chun cinn trí na modhanna póilíneachta is déanaí a ghlacadh agus a oiriúnú.

Cur chuige atá dírithe ar thorthaí i leith an athraithe agus na nuálaíochta a dhaingniú, ag tógáil ar na buntáistí a thagann as an mbunathrú a baineadh amach.

Cur chuige atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a úsáid i leith an méid a dhéanaimid.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

5.1

Feabhas a chur ar acmhainn agus ar chumas athraithe sa Gharda Síochána trí chur chun feidhme an phlean um fhorbairt acmhainne do bhainistiú athruithe.

5.2

Straitéis nuálaíochta an Gharda Síochána a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ag teacht le Straitéis Nuálaíochta na hEarnála Poiblí.

5.3

Cumas an Gharda Síochána a fhorbairt chun acmhainní a bhainistiú go straitéiseach.

5.4

Plean 3 bliana inbhuanaitheachta comhshaoil an Gharda Síochána a fhorbairt, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta cheana féin, chun spriocanna a bhaint amach faoi phlean an rialtais um ghníomhú ar son na haeráide agus comhshaoil.



Cumasóirí



Daoine & Cuspóir

Tá sé tábhachtach don Gharda Síochána bheith ina **eagraíocht atá dírithe ar dhaoine**

Tosaíochtaí 2022-24

Feabhas a chur ar chultúr san ionad oibre a chuimsíonn, a thacaíonn le agus a thugann luach do gach pearsanra.

Éagsúlacht a chothú agus glacadh léi agus pearsanra á mealladh agus á n-earcú isteach san eagraíocht.

Straitéis réamhbhreathnaitheach atá dírithe ar dhaoine a fhorbairt, agus ag tacú le agus ag oiriúnú d'athruithe ar bhealaí oibre.

Bealaí feabhsaithe agus níos éifeachtaí a fhorbairt chun foghlaim, forbairt agus roinnt faisnéise a chumasú ar fud na heagraíochta.

Tionscnaimh a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun tacú le sláinte agus folláine agus rannpháirtíocht fostaithe ar fud na heagraíochta.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

E1.1

Feabhas a chur ar ár gcumas Acmhainní Daonna, ag forbairt plean straitéiseach um lucht saothar chun tacú linn ár riachtanais lucht saothair amach anseo a bhaint amach.

E1.2

Forbairt lucht saothair a chur chun cinn atá léiritheach agus ionadaíoch ar phobail éagsúla na hÉireann.

E1.3

Leanúint ar aghaidh ag cur tionscnamh um Straitéis Shláinte agus Folláine i bhfeidhm.

E1.4

Straitéis Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ag tacú lenár bpearsanra ionas go n-éireoidh leo ina ról.



Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí comhoibríochastraitéiseacha a bhunú agus a chothú, chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú ar bhonn leanúnach

Tosaíochtaí 2022-24

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt ar gach leibhéal chun torthaí éifeachtacha agus intomhaiste a thiomáint do na pobail a bhfreastalaímid orthu.

Tacú le comhoibriú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí naisc agus oibriú comhoibríoch a neartú.

Feabhas a chur ar ár gcumas trí chomhpháirtíochtaí a fhiosrú agus a fhorbairt le speisialtóirí, ceannairí smaointe, ollscoileanna agus moil taighde.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

E2.1

Teagmháil leanúnach le comhpháirtithe chun leanúint ar aghaidh ag forbairt cur chuige ildisciplíneach.

E2.2

Comhoibriú le speisialtóirí agus ceannairí smaointe, ollscoileanna agus moil taighde a fhiosrú chun ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú.

E2.3

Comhoibriú leanúnach a choinneáil le Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí na Ríochta Aontaithe de réir na bparaiméadar atá leagtha amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar idir an Ríocht Aontaithe aigs an tAontas Eorpach le béim ar leith ar chomhoibriú dlúth le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.



Rannpháirtíocht

Cumarsáid dhá-bhealach agus rannpháirtíocht shoiléir a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha

Tosaíochtaí 2022-24

Tógáil ar na hacmhainní cumarsáide atá ann cheana agus cineálacha cur chuige nua a fhiosrú, lena n-áirítear roghanna digiteacha.

Ár gcur chuige maidir le rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú, éisteacht le agus freagairt do riachtanais éagsúla ár ndaoine agus ár bpobail.

Iniúchadh Cultúrtha leantach a dhéanamh, ag éisteacht lenár bpearsanra, ag glacadh le foghlaimí agus ag freagairt le gníomhartha sofheicthe.

Conas a bhainfimid é seo amach in 2022?

E3.1

Leanúint ar aghaidh ag neartú rannpháirtíocht dhá bhealach le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, ag éisteacht le riachtanais ár bpobail agus tuiscint a fháil ar na riachtanais sin.

E3.2

Úsáid mhéadaithe a bhaint as an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail chun cur lenár dtuiscint ar an dearcadh atá ag na pobail ar a bhfreastalaímid ar ár gcuid oibre, ag forbairt freagraí cuí.

E3.3

Iniúchadh Cultúrtha a dhéanamh laistigh den Gharda Síochána, ag na torthaí a eascróidh uaidh a mheasúnú agus freagairt dóibh.



Cumhachtú & Iontaoibh

Cultúr de chumhachtú agus muinín a chothú, fréamhaithe in **ionracas agus cosaint Chearta an Duine**

Tosaíochtaí 2022-24

Luachanna an Gharda Síochána a chosaint agus a chur chun cinn laistigh agus lasmuigh den eagraíocht, ag féachaint dár n-oibleagáidí faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ár bpearsanra a chumhachtú, ag cur próisis éifeachtacha agus uirlisí cuí ar fáil dóibh, agus ag cur an Cód Eitice agus cearta an duine i gcróílár a gcuid cinnteoireachta.

Próisis níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí chun tacú le hoibríochtaí bainistíochta agus túslíne chun seirbhís chomhsheasmhach agus éifeachtach a sholáthar, ag aithint na hinfheistíochta suntasaí airgeadais sa Gharda Síochána.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

E4.1

Leanúint ag cur le gairmiúlacht i measc phearsanra an Gharda Síochána, ag daingniú cearta daonna agus cinnteoireachta eiticiúla.

E4.2

Aonad Frith-Éillithe an Gharda Síochána a fheabhsú chun leanúint ar aghaidh ag cur ionracas agus gairmiúlacht chun cinn ar fud a réimsí gnó.

E4.3

Próiseas láraithe a bhunú chun cur chun feidhme moltaí neamhspleácha a rianú.

E4.4

Leanúint le rolladh amach Shamhail Oibriúcháin nua an Gharda Síochána.

Póilíneacht faoi Stiúir Faisnéise



Seirbhís faoi stiúir faisnéise a chothú ina mbaintear úsáid as sonraí agus teicneolaíocht chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a bhrú chun cinn

Tosaíochtaí 2022-24

Éiceachóras faisnéise agus teicneolaíochta a chruthú, ag cur lenár gcumas faisnéis chomhsheasmhach a sholáthar thar gach leibhéal den Gharda Síochána.

Cultúr a chruthú ina n-aithnítear an tábhacht lárnach a bhaineann le sonraí mar shócmhainn eagraíochtúil, agus í á bhainistiú ar bhealach eiticiúil.

Ardáin chroí-theicneolaíochta chomhtháite an Gharda Síochána a nuachóiriú agus a shaincheapadh, leis an gcúir isteach is lú ar oibríocht.

Conas a bhainfidimid é seo amach in 2022?

E5.1

Leanúint ar aghaidh chun Fís Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide an Gharda Síochána a bhaint amach trí Phlean Oibre TFC 2022 a chur chun feidhme.

E5.2

Feabhas a chur ar chomhsheasmhacht ár sonraí trí phróiseas chaighdeán na sonraí a oibriú.

E5.3

Feabhas a chur ar chumas feistí soghluaisteachta an Gharda Síochána trí fheidhmchláir bhreise a fhorbairt agus a n-úsáid a leathnú.



WWW.GARDA.IE

PolicingPlan@garda.ie